C/2025/490

29.1.2025

P10_TA(2024)0023

Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2024: barrachas ón mbliain airgeadais 2023 a iontráil

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2024 ar an seasamh ón gComhairle maidir le Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 2/2024 an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2024 lena n-iontráiltear barrachas ón mbliain airgeadais 2023 (12081/2024 – C10-0107/2024 – 2024/0089(BUD))

(C/2025/490)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([2]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, mar a glacadh go cinntitheach é an 22 Samhain 2023 ([3]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([4]),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([5]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([6]),

— ag féachaint do Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2024, a ghlac an Coimisiún an 9 Aibreán 2024 (COM(2024) 0920),

— ag féachaint don seasamh ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2024 a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 13 Meán Fómhair 2024 agus é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2024 (12081/2024 – C10-0107/2024),

— ag féachaint do Rialacha 96 agus 98 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A10-0005/2024),

A. de bhrí go bhfuil Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2024 ceaptha chun an barrachas ón mbliain airgeadais 2023 a iontráil i mbuiséad 2024, arb ionann a mhéid agus EUR 633 mhilliún;

B. de bhrí gurb iad na príomh-chomhpháirteanna den bharrachas sin ná toradh dearfach ar ioncaim EUR 238,7 milliún agus tearc-chaitheamh arb ionann é agus EUR 393,9 milliún;

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.
([2]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
([3]) IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
([4]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.
([5]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.
([6]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

C. de bhrí, ar thaobh an ioncaim, gurb iad na príomhchúiseanna atá le méid an bharrachais ná EUR 1 766 mhilliún in ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha, arna fhritháireamh in aghaidh dleachtanna custaim arb ionann iad agus EUR 1 649 milliún faoi bhun an fhigiúir a bhfuiltear ag súil leis; de bhrí go bhfuil barrachas EUR 107 milliún in ioncam riaracháin inchurtha go príomha i leith ráta ranníocaíochta pinsin atá níos airde ná mar a tuaradh agus i leith nuashonrú tuarastail idirmheánach a cuireadh i bhfeidhm i mí Eanáir 2023, rud a mhéadaigh leibhéal na cánach agus na dtobhach agus na ranníocaíochtaí pinsin;

D. de bhrí, ó thaobh caiteachais de, gurbh ionann méid iomlán chur chun feidhme easnamhach na n-íocaíochtaí ag an gCoimisiún agus EUR 70 milliún (0,1 % de na leithreasuithe údaraithe faoi chomhair íocaíochtaí); de bhrí gur chealaigh na hinstitiúidí eile EUR 48 milliún in íocaíochtaí, agus ar an gcaoi sin gur coinníodh an ráta íseal cur chun feidhme easnamhach ó bhuiséad 2022;

E. de bhrí, le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2024, gurb ionann na laghduithe bliantúla ar chnapshuim OIN a theachtann an Ghearmáin, an Ísiltír, an Danmhairg, an tSualainn agus an Ostair agus thart ar EUR 5,4 billiún glan;

F. de bhrí go bhfuil corrlaigh agus solúbthacht i mbuiséad an Aontais fós an-docht in ainneoin an athbhreithnithe ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus in ainneoin gur tugadh isteach Ionstraim nua NGEU chun costais mhéadaithe iasachtaíochta d'Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a fhrithghealladh, ar costais iad atá luaineach iontu féin, rud is cúis le héiginnteacht maidir leis an mbuiséad; de bhrí, sa chomhthéacs dúshlánach sin, go bhfuil méadú ag teacht ar riachtanais bhuiséadacha;

1. ag cur sonrú i nDréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2024 mar a thíolaic an Coimisiún é, atá ceaptha chun buiséadú a dhéanamh ar an mbarrachas ó 2023, le haghaidh mhéid EUR 633 mhilliún, i gcomhréir le hAirteagal 18(3) den Rialachán Airgeadais;

2. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil barrachas 2023 i bhfad níos ísle ná barrachas 2022, rud a léiríonn réamhaisnéis agus bainistiú buiséadach feabhsaithe ag an gCoimisiún;

3. á chur i bhfios go láidir go laghdaíonn an barrachas ranníocaíocht iomlán na mBallstát le maoiniú bhuiséad 2024 tráth a bhfuil riachtanais mhaoinithe fós ard agus a bhfuil an spás laistigh de bhuiséad an Aontais thar a bheith teoranta; á chur i bhfios go láidir nach mór don bhuiséad solúbthacht leordhóthanach a choinneáil chun cur ar chumas an Aontais déileáil le himeachtaí gan choinne agus le tosaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn;

4. ag meabhrú a seasaimh sheanbhunaithe gur cheart fíneálacha agus táillí a úsáid mar ioncam forlíontach do bhuiséad an Aontais agus nár cheart laghdú comhfhreagrach ar ranníocaíochtaí OIN a bheith mar thoradh orthu;

5. ag tabhairt dá haire gur ríomhadh na laghduithe bliantúla coigeartaithe ar chnapshuim OIN do na cúig Bhallstát is tairbhithe, arb ionann iad agus thart ar EUR 5,4 billiún glan; á thabhairt chun suntais go bhfuil na lacáistí sin nasctha le boilsciú agus, dá bhrí sin, go bhfuil méadú tagtha orthu ag ráta níos airde ná uasteorainneacha CAI, a dhéantar a choigeartú go bliantúil ar bhonn an díbhoilsceora 2 %; á chur i bhfáth go méadaíonn an aimhrialtacht sin an t-ualach ar na Ballstáit eile;

6. ag cur béim ar an ngá atá le hioncam inbhuanaithe do bhuiséad an Aontais; á chur in iúl gur saoth léi, dá bhrí sin, nach bhfuil dul chun cinn déanta sa Chomhairle maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcóras acmhainní dílse i gcomhréir leis an treochlár sa Chomhaontú Idirinstitiúideach; ag meabhrú a seasaimh chun tacú leis na tograí leasaithe ón gCoimisiún agus ag tathant ar an gComhairle na tograí sin a ghlacadh go pras chun na hacmhainní dílse atá ar fáil do bhuiséad an Aontais a mhéadú;

7. ag formheas sheasamh na Comhairle maidir le Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 2/2024;

8. á threorú dá hUachtarán a dhearbhú go bhfuil buiséad leasaitheach Uimh. 3/2024 glactha go cinntitheach agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

9. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig na hinstitiúidí agus na comhlachtaí eile lena mbaineann agus chuig na parlaimintí náisiúnta.